



ANNUAL REPORT 2007



National Development Finance Agency

BUILDING THE FUTURE

CLÁR ÁBHAIR

Stiúrthóirí	3
Forbhreathnú	5
Dul chun Cinn ar Thionscadail ina nGníomhaíonn NDFA mar:	
Údarás Soláthair & mar Chomhairleoir Airgeadais:	7
Chomhairleoir Airgeadais:	11
bord NDFA	17
Aguisín 1	
Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta—Ról agus Feidhmeanna	19
Aguisín 2	
Comhaontú Teimpléid Thionscadail	21
Aguisín 3	
Liosa na nÚdarás Stáit	22
Ráitis Airgeadais	25



**National Development
Finance Agency**

Mr. Brian Lenihan TD
Minister for Finance
Government Buildings
Upper Merrion Street
Dublin 2

27 June 2008

Dear Minister

I have the honour to submit to you the Report and Accounts of the National Development Finance Agency for the year from 1 January 2007 to 31 December 2007.

Yours sincerely

Michael J Somers
Chairman

Treasury Building, Grand Canal Street, Dublin 2, Ireland
Telephone 353 1 664 0800 Facsimile 353 1 676 6582 Email info@ndfa.ie Web www.ndfa.ie

STIÚRTHÓIRÍ



Dr Michael J Somers -
(Cathaoirleach)



Anne Counihan
(Príomhfheidhmeannach)



Mr Adrian Kearns
(Príomhfheidhmeannach)

Michael J. Somers (Cathaoirleach)

Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Anne Counihan (Príomhfheidhmeannach)¹

Stiúrthóir Gnóthaí Dlí & Corparáideacha
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Adrian Kearns (Príomhfheidhmeannach)²

Stiúrthóir HR
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Mr Fred Barry



Mr Liam Berney



Ms Ann Fitzgerald

Fred Barry

Príomhfheidhmeannach
An tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta

Liam Berney

Oifigeach Tionsclaíoch
Comhdháil na gCeardchumann

Ann Fitzgerald

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí



Mr Stewart Harrington



Mr Tony Jones



Mr Peter McManamon

Stewart Harrington

Stiúrthóir
Killeen Properties Limited

Tony Jones

Comhairleoir Gnó

Peter McManamon

Cathaoirleach
Ceva Inc

Bhuail an Bord le chéile ceithre huaire le linn 2007.

¹ Bhí Anne Counihan mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin go dtí an 9 Feabhra 2007.

² Cheap an tAire Airgeadais Adrian Kearns ar an mBord ar an 10 Feabhra 2007. Cheap an Bord mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin é ar an 1 Márta 2007.



FORBHREATHNÚ

Tá an Gníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais (NDFA) ag cur comhairle airgeadais ar fáil d'Údaráis Stáit atá ag tabhairt faoi mhórtionscadail infreastruchtúir ó 2003. Go nuige seo, tagraíodh 121 tionscadal ar an iomlán le haghaidh comhairle airgeadais chuig an NDFA. Chuir sé a chuid comhairle i gcrích ar 38 tionscadal a bhfuil luach iomlán caipitiúil de € 6 bhilliún leo, agus is Comhpháirtíochtaí Priobháideacha Poiblí (PPP).

Is é an sainchúram is déanaí atá aige ná tabhairt faoi sholáthar agus faoi sheachadadh PPP i ngach earnáil seachas cúrsaí iompair agus rialtais áitiúil. Go bunúsach, is é cuspóir an NDFA ná saineolas lárnach agus seasmhach a chur ar fáil do na hÚdaráis Stáit le haghaidh tionscadal infreastruchtúir phoiblí. Tá achoimre ar a ról agus ar a chuid feidhmíochta ar fáil in Aguisín 1.

Le linn 2007, bhí roinnt forbairtí suntasacha le haghaidh an NDFA:

- 1 Ar ritheadh an Achta um Gníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais (Leasú) 2007, a bhunaigh údarás reachtúil le haghaidh bunú **ionaid shaineolais** le haghaidh próiseáil PPPanna, ghéaraigh luas tagartha thionscadail PPP chuig an NDFA – mar a gcéanna leis na tionscadail féin. Mar fhreagra ar a ról breise mar údarás próiseála bunaíodh grúpa bainistíochta tionscadail theicneolaíochta taobh istigh den NDFA chun gach gné den phróiseáil atá faoina shainchúram a bhainistiú.

Tá an grúpa bainistíochta tionscadal teicniúil freagrach as gach inchur a chomhordú a chuireann leis an bpróiseáil, leis an monatóireacht tógála agus le céimeanna tabhairt ar ais an tionscadail PPP. Coinníonn sé an t-idirchaidreamh leanúnach leis na hÚdaráis Stáit mar go gcloíonn sé le polasaí NDFA de chomhoibriú dlúth agus malartú eolais leis an Rannóg urraíochta. Tá an grúpa eagraithe de réir línte earnála, agus d'éirigh leis an ngrúpa seo cheana féin bainisteoirí proifisiúnta tionscadail a bhfuil taithí acu agus a tháinig go príomha ón earnáil phríobháideach a mhealladh chuige.

Cuireann an fheidhm nua seo go mór leis na feidhmeanna comhairle maidir le baol agus airgeadas a bunaíodh laistigh de na tionscnaimh atá ag an Lárionad Saineolais cheana féin.

- 2 I 2007, thug NDFA a chomhairle chun críche maidir le deich dtionscadal:

- Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla
- Ionad Náisiúnta Comhdhála (Ionad Comhdhála Baile Átha Cliath)
- Bóthar Lansdúin
- Gairdíní Uí Dhuibheannaigh
- Tithíocht Shóisialta Inacmhainne Dhuga Spencer
- Iasacht ó Chomhairle Contae Loch Garman

- Síneadh M50
- M3 Cluain Í / Ceananas Mór
- N6 Gaillimh - Béal Átha na Slua
- N7/N8 Port Laoise – Cúlchoill
- Le chéile tá luach caipitiúil de €2.6 billion ag na tionscadail seo. Le linn an dá mhí dhéag a chuaigh thart nó mar sin, bhí éifeacht nach beag ó thaobh amhairc de ag cuid de na tionscadail is mó ar spéirlíne Bhaile Átha Cliath. Tá an tIonad Comhdhála Bhaile Átha Cliath ag Duga Spencer suite in áit cheannasach ar na céanna. Cheana féin tá clú ag teacht ar Choimpléasc na gCúirteanna Coiriúla mar chríoch-chomhartha ag pointe iontrála na cathrach ó Pháirc an Fhionnuisce agus is léir go bhfuil dul chun cinn gasta ag teacht ar Staid Bhóthar Lansdúin.

- 3 Leanann an NDFA de chomhairle airgeadais a chur ar fáil maidir le tionscadail d'ardphróifíil. Ina measc siúd tá Gaol Halla Thorton, Metro North, Metro West agus Limistéir Seirbhísithe Mótarbhealaí ar an M1 agus M4. Chomh maith leis sin, tá an NDFA ag obair go dlúth le Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le húdaráis áitiúla eile ar roinnt scéimeanna athghiniúna faoi thithíocht shóisialata inachainne, chomh maith le roinnt tionscadal in earnálacha na dramhaíola agus an uisce.

- 4 Ag deireadh Dheireadh Fómhair 2007, d'eisigh an tAire Aireagadais Treoirlínte chuig gach Rannóg agus Gníomhaireacht Rialtais maidir le ról an NDFA anois gur tháinig reachtaíocht nua NDFA chun solais. Sna Treoirlínte seo tá creatlacht oibríochtúil inar féidir le hÚdaráis Stáit dul i ngleic leis an NDFA maidir le gach tionscadal a bhfuil luach níos airde ná €30 million air.

- 5 I nDeireadh Fómhair 2007, rinne an NDFA uasdhátú ar a Chomhaontú Teimpléid Tionscadail le haghaidh tionscadal PPP a bhaineann le cóiríocht. Léiríonn an t-uasdhátú forbairtí in earnáil an árachais agus cuireann sé an Comhaontú Teimpléid Tionscadail de réir chleachtas reatha anmhargaidh.



DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA NGNÍOMHAÍONN NDFA MAR ÚDARÁS SOLÁTHAIR & MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

Clár Oideachais PPP

Clár PPP na Scoileanna: Forbhreathnú

D'fhógair an tAire Oideachais & Eolaíochta pleananna i 2006 chun 23 scoil nua iar-bhunscoile agus 4 bhunscoil nua ar fud an PPP a sholáthar. Tá an NDFA ag cur comhairle airgeadais ar fáil agus tá sé freagrach as gach gné de sholáthar na dtionscadal aonair a chur ar fáil taobh istigh den chlár seo €320 milliún.

Tá sé mar chuspóir ginearálta ag an gclár cóiríocht agus áiseanna a chur ar fáil a chomhlíonann riachtanais na Roinne Oideachais & Eolaíochta le haghaidh soláthar - dara leibhéal go príomha - seirbhísí oideachais. San áireamh anseo tá foirgnimh ar chaighdeán an-ard déantúsaíochta, timpeallacht dheas chun foghlamtha laistigh agus lasmuigh, áiseanna inacmhainne spóirt agus ar chaighdeán ard agus na nithe seo ar fad d'fháil maraon le luach a chuid airgid d'fháil don Stát.

An Chéad Liosta Scoileanna PPP

Baineann Liosta PPP Deartha Tógála Maoinithe agus Caomhnaithe de Scoileanna (DBFM) le ceithre scoil nua a chur in áit sé scoil atá ann cheana ar thrí láithreán: i bPort Laoise; ar an bhFear Bán; agus i mBeannachar, Co. Uíbh Fháilí. Cuirfidh na scoileanna seo 2,700 áiteanna ar fáil do pháistí scoile. I ndiaidh an comórtas a thionscnamh tríd Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) i Meán Fómhair 2006, tugadh cuireadh do thrí fheadhnacht tairiscintí a chur isteach. Cheap an NDFA Macquarie Partnerships for Ireland mar rogha tairisceora i nDeireadh Fómhair 2007. Cuireadh isteach aighneachtaí pleanála chuig Comhairle Contae Laoise agus Uíbh Fháilí beirt in Aibreán 2008 agus meastar go mbainfidh an Conradh seo dúnadh airgeadais amach go mall sa samhradh.

Beidh an NDFA freagrach as céim deartha agus tógála an chonartha PPP a riarú sular dtugtar na scoileanna agus iad réidh ar ais chuig an Roinn Oideachais & Eolaíochta.

An Dara Liosta Scoileanna PPP

Tharchuir an Roinn an dara Conradh liostáithe PPP ina bhfuil sé scoil (agus bunscoil amháin ina measc) chuig an NDFA agus cuireadh ar an margadh é i mBealtaine 2008. Fuarthas Cead Imlíneach Pleanála cheana féin ar na cúig láithreán le haghaidh:-

- Pobalscoil Bheanntaí, Co. Chorcaí
- Gaelscoil Bheanntaí, Co. Chorcaí
- Pobalscoil Chill Dara, Co. Chill Dara
- Pobalscoil Mhainistir na Féile, Co. Luimnigh
- Pobalscoil an Átha Bhuí, Co. na Mí
- Pobalscoil Chill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin

Beidh áiteanna do breis is 4,000 dalta sna scoileanna seo. Beidh an tionscadal seo ar na céad cinn a sholáthraigh an NDFA trí úsáid a bhaint as an gcur chuige nua ar chomhphlé iomaíoch atá le fáil sa Treoir AE is déanaí ar sholáthar poiblí. Tá súil ag an nGníomhaireacht leis an gcur chuige seo go ngiorrófar an staid idirbheartaíochta a bhíonn iontach fada ar uaireanta de réir an chur chuige idirbheartaíochta ar baineadh úsáid as roimh le haghaidh soláthraithe PPP.

Ar fhoilsiú an fhógra sa OJEU ar an 20 Bealtaine 2008, inar tugadh cuirí spéise sa tionscadal, meastar go bhfógrófar san fhómhar gearrliosta de thrí fheadhnacht atá roghnaithe le cáipéisí tairisceana a fháil.

Grianghraf: CogDogBlog, flickr.com



Clár Oideachais Tríú Leibhéal PPP

Tá tús curtha anois le planáil tionscadail agus gníomhaíochtaí réamhsholáthair ar chlár € 255 milliún a ullmhú de thionscadail a dhéanann freastal ar Thríú Leibhéal agus a bheidh an PPP á gcur ar fáil. Cuirfidh an NDFA comhairle airgeadais ar fáil ar na tionscadail seo agus déanfaidh sé bainistíocht ar a soláthar agus seachadadh ar son an Aire Oideachais & Eolaíochta.

Tá suas le 17 tionscadal aonair forbartha ar 9 láithreán campais ar leith le cuachadh i 3 chonradh ar leith PPP.

Céad Liosta PPP d'Áiseanna Oideachais Tríú Leibhéal

Tá an Chéad Liosta PPP d'Institiúidí Tríú Leibhéal beartaithe le go mbeidh áiseanna leabharlainne ann ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, chomh maith leis na háiseanna nua ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

Lorgófar cead imlíneach planála le linn an tsamhraidh 2008 le haghaidh na láithreán sin nach bhfuil cead den chineál sin ann cheana, sula dtugann an Roinn na dualgais ar fad don NDFA. Meastar go bhfoilseofar fógra san OJEU ag tabhairt cuireadh le haghaidh léirithe spéise go luath san fhómhar.

Tá ullmhúcháin le haghaidh Dara Liosta PPP faoi lán seoil anois agus meastar go dtosódh an soláthar seo le linn an chéad leath de 2009.

Ar an iomlán san Earnáil Oideachais sainíodh breis agus €1 billiún le haghaidh infheistíochta i dtionscadail PPP le linn thréimse an Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013.

Ealaíon, Spóirt agus Turasóireacht

Ceoláras Náisiúnta

Tá an Ceoláras Náisiúnta ar cheann de na hinstitiúidí cultúrtha is tábhachtaí sa Stát. Tá Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ lonnaithe ann. I 2006 d'fhógair an tAire Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta pleananna chun an suíomh ag Ardán Phort an Iarla, a athfhorbairt trí mheán PPP. Ar an suíomh athfhorbartha seo beidh halla nua ina mbeidh 2,050 suíocháin, déanfar athchóiriú agus méadú ar an halla 1,000 suíocháin, agus beidh halla nua níos lú le haghaidh thart faoi 400 duine ann.

Tá an NDFA freagrach as comhairle airgeadais a chur ar fáil don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta don tionscnamh agus tá sé freagrach, chomh maith, as é a sholáthar.

Tá an Roinn, i gcomhar leis an NDFA agus Coimisinéir na nOibreacha Poiblí ag forbairt na gcáipéisí le haghaidh an choimpléics agus an tionscadail chorrathigh seo ó lár 2007. Tugadh an tionscadal don NDFA go hoifigiúil i mBealtaine 2007 le haghaidh na gcéimeanna soláthair agus seachadta agus foilsíodh fógra le haghaidh léirithe spéise san OJEU sa mhí chéanna. Bhí lá seolta mhargaidh ann ar an 17 Meitheamh 2008.



Griangraif: Davids3, flickr.com

Meastar go bhfaighfear na léirithe spéise in Iúil 2008 agus ina dhiaidh sin san fhómhar fógrófar gearrliosta de thrí fheadhnacht a meastar a gheobhaidh cáipéisí tairisceana.

Amharclann Náisiúnta Nua na hÉireann— Athfhorbairt Amharclann na Mainistreach.



Griangraif: Bloglin, flickr.com

I ndiaidh don Rialtas cinneadh a ghlacadh go mbeadh amharclann nua na Mainistreach ann ar an suíomh ar Dhuga Seoirse a chuir Údarás Forbartha Dhuganna Bhaile Átha Cliath ar fáil, tá obair sa tsiúl anois ar fhorbairt an tionscadail mar PPP.

Ionchorprófar amharclann níos fairgsinge, amharclann níos lú (an "Peacock") agus amharclann stiúideo san fhorbairt nua. Beidh áiseanna feabhsaithe poiblí, seomraí cleachta, stóráil, ceardlanna agus oifigí riaracháin.

Ar dtús báire i gcúrsaí soláthair beidh comórtas idirnáisiúnta ar leith deartha a ndéanfaidh Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí bainistiú air thar ceann na Roinne Ealaíne, Spóirt agus Turasóireachta. Beidh an NDFA freagrach as gach gné den soláthar PPP, chomh maith le comhairle a chur ar fáil ar chúrsaí airgeadais, riosca agus árachais faoin tionscadal. Tabharfar an tionscadal don NDFA nuair a bheidh an comórtas idirnáisiúnta deartha thart.

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Liosta de Thithe na Cúirte

Tarcuireadh an tionscadal seo chuig an NDFA i nDeireadh Fómhair 2007 agus soláthróidh an NDFA é. Baineann sé le hathfhorbairt mholta ar thrí láithreán cúirte i gCorcaigh, i Leitir Ceanainn agus i Luimneach. Shainigh an tSeirbhís Chúirteanna na láithreáin seo le haghaidh uasghrádaithe agus athnuachana. Shainaithin an tSeirbhís Chúirteanna na roghanna le haghaidh athfhorbartha ar gach láithreán agus is é sin leis an láithreán atá ann cheana i gCorcaigh maidir le Cúirt Ceantair Chorcaigh a athfhorbairt agus áiseanna nua a thógáil ar láithreáin nua le haghaidh Leitir Ceanainn (cúirteanna Ceantair agus Dúiche) agus Luimnigh (Cúirteanna Ceantair, Cuarda agus an Phríomh-Chúirt Chóiriúil).

I láthair na huaire tá an tionscadal ag an staid mionluachála.

Oifig na nOibreacha Poiblí Oifigí & Cúirteanna Díláraithe

Dara Conradh PPP Oifigí Díláraithe, lena n-áirítear Teach Cúirte Dhroichead Átha

Chuir an NDFA tús le gníomhaíochtaí luachála, pleanála agus réamhsholáthair maidir leis an dteach cúirte nua atá molta comh maith le cóiríocht nua oifige le haghaidh na Roinne Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh i nDroichead Átha. Tá an chóiríocht nua oifige mar chuid den chlár díláraithe agus beidh sé ar na cinn is fairsinge go nuige seo. Is é seo an dara conradh PPP taobh istigh den chlár díláraithe, agus rinne Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí soláthar ar an gcéad cheann le comhairle airgeadais ón NDFA.

Tá tionscadal PPP Dhroichead Átha uathúil le haghaidh an NDFA ar an ábhar go dtugann sé dhá údarás urraíochta le chéile taobh istigh de thionscadal amháin - Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí agus an tSeirbhís Chúirteanna.



Beidh Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí freagrach as gach gné a bhaineann le stiúradh teicniúil an tionscadail thar ceann na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus na Seirbhíse Cúirteanna. Beidh an NDFA freagrach as gach gné den soláthar PPP, chomh maith le comhairle a chur ar fáil ar chúrsaí airgeadais, riosca agus árachais faoin tionscadal. Tá sé beartaithe faoi láthair an cur chuige soláthair a thionscnamh le haghaidh an tionscadail seo roimh dheireadh 2008.

An Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta

Baineann an Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta (NPRO) le soláthar gréasáin áiseanna i seachadadh seirbhísí oinceolaíochta radaíochta i roinnt ionad in Éirinn. Sa ghréasán beidh na hionaid seo a leanas:

- ceithre hionad mhóra in Ospidéal San Séamus i mBaile Átha Cliath agus Ospidéal Beaumont i mBaile Átha Cliath, in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh;
- dhá ionad shaitilíte i bPort Láirge agus i Luimneach agus Corcaigh agus Gaillimh le bainistíocht a dhéanamh orthu faoi seach.

Tá dhá phríomhshruth oibriúcháin san NPRO, ar a dtugtar Céimeanna. Go bunúsach, tagraíonn Céim 1 d'áiseanna atá le soláthar trí dhóigheanna traidisiúnta agus tagraíonn Céim 2 d'áiseanna atá le soláthar ag an PPP.

Nuair bhí 2007 ag druidim chun deiridh, chuaigh an tOllamh Tom Keane, Stiúrthóir Náisiúnta um Stiúradh Ailse, i mbun an róil mar Chathaoirleach ar Bhord Tionscadail HSE ar Oinceolaíocht Radaíochta, a bhí mar chuid lárnach de socruithe bainistíochta an tionscadail.

DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL INA NGNÍOMHAÍONN NDFA MAR CHOMHAIRLEOIR AIRGEADAIS

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla

Shroich tionscnamh Choimpléasc na gCúirteanna Coiriúla an pointe gur dúnadh an conradh in Aibreán 2007 leis an Rogha Tairisceora, Babcock & Brown. Áis den chéad scoth gur caitheadh €120 milliún uirthi is ea í seo ina mbeidh na cúirteanna coiriúla go léir in aon áit amhain seachas bheith scaipthe mar atá siad faoi lathair ar fud na gCeithre Cúirteanna. Seasfaidh an foirgneamh mar shainchomhartha i measc foirgneamh eile agus cuirfidh sé go mór le haitireacht Bhaile Átha Cliath de bharr a dheartha agus a chrutha.

Is é an chuideachta PPP a dhearfaidh, a thógfaidh, a oibreoidh, a chaomhnóidh agus a mhaoineoidh an coimpléacs. Cuireadh tús le tógáil an tionscadail seo in Aibreán 2007 agus tá sé chun tosaigh ar sceideal. Táthar ag dúil go mbeidh an tionscadal i mbun oibriúcháin go hiomlán sa bhliain 2009.

Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht Ionad Comhdhála Náisiúnta

Tháinig an tionscadal PPP de chuid an Ionaid Náisiúnta Chomhdhála (ar a dtugtar an tIonad Comhdhála Bhaile Átha Cliath anois) chun deireadh chonartha in Aibreán 2007 agus ba é Feadhnacht Idirnáisiúnta Ionaid Chomhdhála Dhuga Spencer an rogha tairisceora. Beidh €210 milliún mar chostas ar an dtionscadal infreastuchtúir thurasóireachta seo, conláiste a dhearfáir le sainchuspóir agus cuideoidh sé le hÉirinn a poitéinseal a bhaint amach sa mhargadh luachmhar idirnáisiúnta comhdhála.

Tá SDICC (feadhacht ina bhfuil Treasury Holdings agus John Sisk & Son Limited) freagrach as dearadh, tógáil, oibriú, caomhnú agus maoiniú an Ionaid, agus sainordú aige toscairí ó thíortha eile a mhealladh go hÉirinn. I ndiaidh an téarma chonartha 25 bliain, is é an Stát a ghlacfaidh seilbh ar an gconláiste.

Soláthar fada achrannach ba ea agus chuir an NDFA na seirbhísí riosca agus airgeadais ar fáil a

bhí de dhíth leis an dtionscadal a chur chun cinn trína gcéimeanna áirithe. Bhain soláthar an tionscadail dúnadh tráchtála, dlíthiúil agus airgeadais amach in Aibreán 2007. Cuireadh tús leis an dtógáil in Aibreán 2007, agus tá sé go mór chun tosaigh anois agus tá an tIonad le hoscailt i 2010.



An Staid Nua ar Bhóthar Lansdúin

Is é atá sa tionscnamh seo ná an suíomh a ath-fhorbairt ina staid a thógfaidh 50,000 duine ina suí agus an toradh a bheith ina áis spóirt ar chaighdeán domhanda.

Is é an costas buiséid a bheidh ar an staid ná, ar an meán, €400 milliún. Beidh €191 milliún de seo á chur ar fáil ag an Stát agus mar gheall air seo d'iarr an rialtas ar an NDFA athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí agus na réamh-mheastacháin is deanaí a fuarthas ó Chumann Rugbaí na hÉireann agus Cumann Sacair na hÉireann i leith an tionscadail. Chuir an NDFA a Chomhairle ar fáil don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i nDeireadh Fómhair 2007.

Cuireadh tús leis an obair ar an láithreán i mBealtaine 2007. Tá an obair ag dul go maith anois ar thógáil na staide nua a bhfuil Aibreán 2010 mar spriocdháta molta aige.



Iompar - Iarnróid

Metro North

Ceanglóidh an 18km ar líne an Metro North Sórd le lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus déanfaidh sé freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath maraon le nasc comaitéara ar an dtaobh ó thuaidh den chathair. Cuid lárnach de ghréasán iompair phoiblí atá go hiomlán comhtháite agus bunaithe ar an iarnród is ea The Metro mar a samhlaíodh in Transport 21. Beidh crosbhealaí ann leis na línte Dearga agus Glasa Luas chomh maith leis an DART agus seirbhísí iarnróid na mbruachbhailte. Measann an Ghníomhaireacht Soláthair Iarnróid (RPA) go dtaistealóidh beagnach 34 milliún paisnéir leis an tseirbhís gach bliain.

Roinneadh an tionscadal seo ina dhá chonradh. Beidh struchtúr deartha, tógála, caomhnaithe agus maoinithe ag ag gconradh infreastruchtúir a chlúdóidh gach infreastruchtúr agus rothstoc. Clúdaíonn an conradh oibriúcháin cothabháil agus oibriúchán éadrom an Metro.

I mí Marta 2007, d'fhógair an an RPA tús leis an soláthar. Rinneadh ceithre fheadhnacht a ghearrliostáil agus eisíodh cáipéisí tairisceana chucu i mBealtaine 2008. Caithfear na tairiscintí a chur isteach i Samhain 2008. I ndiaidh measúnacht a dhéanamh ar na tairiscintí, meastar go nglacfaidh an dá fheadhnacht is fearr páirt i gcéim Ofráil Dheireanach is Fearr (BAFO) i 2009. Tá síniú an chonartha beartaithe le haghaidh go luath i 2010.

Chuidigh an NDFA leis an RPA agus a Bhord Tionscadail le measúnacht deiridh a dhéanamh ar na hábhair iarratasóirí, le cur i gcrích Thagarmharc na hEarnála Poiblí agus faoi láthair tá sé ag cuidiú le gnéithe airgeadais an phróisis tairisceana.



Metro West

Beidh Metro West á reachtáil ar dtús mar iarnród éadrom agus an fhéidearthacht ann é a uasghrádú más gá, agus reachtálfar é ar dhromchlá talún. Roghnaigh an RPA an rogha pasáiste le haghaidh Metro West in Iúil 2007. Nascfaidh sé Tamhlacht, Cluain Dolcáin, agus Baile Blanchar agus cuirfidh sé seirbhís ghasta ar fáil do chomaitéirí chuig an aerphort agus go lár na cathrach via Metro North.

Táthar ag dúil leis go méadóidh Metro West nascacht an ghréasáin iomláin iompair phoiblí bunaithe ar iarnród le Líne Dhearg Luas, le línte na mbruachbhailte Chill Dara agus Mhá Nuad agus le Metro North.

Tá an NDFA ag cur comhairle ar an RPA faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail seo.

Iompar - Bóithre

Uasghrádú an M50

Táthar ag uasghrádú an M50 go mótarbhealach ar a mbeidh trí lána le mórfheabhsúcháin acomhail ann. Tá an t-uasghrádú molta 24km ar chodanna den M50, de réir Chonradh PPP M50, idir na hacomhail M1 agus N3 atá ann cheana agus idir an acomhal N7 agus Acomhal Átha an Ghainimh.

Bronnadh an conradh PPP i Meán Fómhair 2007 ar M50 (Concession) Limited ina bhfuil FCC Construction S.A. agus Infraestructuras Itinere, dhá chomhlacht ón Spáinn, agus P J Hegarty & Sons ó Éirinn. Is é an spriocdháta tógála ná go mall i 2010.

M3 Cluain Í / Ceananas Mór

Tá stráice de 47km de mhótarbhealach san áireamh sa tionscadal seo agus roinnt seachbhóithre san áireamh timpeall ar Dhún Seachlainn, An Uaimh agus Ceanannais Mór, 2km de charrbhealach dúbailte agus 10km de charrbhealach singil. I mí Meán Fómhair 2006, cheap an NRA EuroLink mar an rogha tairisceora. Bhain an tionscnamh dúnadh airgeadais amach i mí Aibreán 2007.

N6 Gaillimh go Béal Átha na Slua

Síneann an N6 Gaillimh go Béal Átha na Slua ar feadh 58 km, ag tosnú i gCo. na Gaillimhe agus ag críochnú i gCo. Ros Comáin. Fuarthas tairiscintí i mBealtaine agus ar an 13 Nollaig 2006 cheap an NRA an fheadhnacht ICON mar an rogha tairisceora. Sroicheadh dúnadh i gcursaí airgeadais in Aibreán 2007.



N7/N8 Port Laoise – Cúlchoill

Baineann PPP bhóthar M7/M8 PPP Port Laoise - Baile an Chaisleáin - an Chúlchoill le soláthar codanna den N7 agus N8 mar scéim ar leith. Roghnaíodh Celtic Roads Group mar rogha tairisceora i Márta 2007. Bronnadh an conradh i Meitheamh 2007.

Limistéir Seirbhísithe Mótarbhealaí

Toisc gur glacadh isteach píosai fada de mhótarbhealaí agus de dhébhealaí d'ardchaighdeán ar ghréasán na mbóithre náisiúnta, tá limistéir seirbhísithe á gcur ar fáil le freastal a dhéanamh ar úsáideoirí ar mhian leo scíth a ligint le linn a n-aistear agus/nó úsáid a bhaint as áiseanna breosla, leithris nó bia.

Baineann an tionscadal seo leis an gcéad tráinse de thrí limistéar seirbhísithe atá le soláthar, dhá cheann ar an mótarbhealach M1 cóngarach do Lusca agus do Bhaile an Ghearlánaigh agus ceann ar an mótarbhealach M4 in aice le Enfield. Tá rún ann go mbeidh na háiseanna seo a leanas i ngach Limistéar Seirbhísithe:

- áiseanna breosla;
- siopa áise, bialann, leithris, cithfholcadáin, both eolais turasóireachta agus áiteanna súgartha do pháistí taobh istigh agus taobh amuigh;
- limistéar áineasa agus picnic i dtimpeallacht tírdhreachaithe;
- limistéir dheighilte páirceála le haghaidh carranna paisinéirí, Feithiclí Troma Tráchtála (HCV) agus cóistí;
- beidh áiseanna ag gach limistéar seirbhísithe ar an ndá thaobh den mótarbhealach.

Seo tionscadal a chuimsíonn dearadh, tógáil, oibriú agus maoiniú. Thosaigh an próiseas Caidrimh Iomaíche leis na ceithre fheadhnacht san chomórtas. Thosaigh an próiseas pleanála agus cuirfeadh gach tairiscint isteach nuair a thabharfar cead pleanála.

Meastar go bhfógróidh an tÚdarás um Bhóithre Náisiúnta tráinse breise de Limistéir Seirbhísithe Mhótarbhealaí ar fud 2008.

Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil

Iasacht ó Chomhairle Contae Loch Garman

Fuair Comhairle Contae Loch Garman faomhadh ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil chun iasacht a fháil le tionscadail na Comhairle Contae a mhaoiniú. Chuir an NDFA eolas le chéile a fuarthas ó roinnt institiúidí airgeadais gur eisigh Litir Bharúla chuig Comhairle Contae Loch Garman i Nollaig 2007 ar an iasacht €40 milliún.

Tithíocht Shóisialta Inacmhainne

Siníodh conarthaí i ndáil le dhá thionscadal mhóra tithíochta Shóisialta Inacmhainne le linn na bliana seo caite:

- Bóthar Bhaile Shéamais (€45 milliún) – dúnta i bhFeabhra 2007, tá an scéim seo comhdhéanta de 240 teach inacmhainne agus 60 teach phríobháideacha.
- Gairdíní Uí Dhuibheannaigh (€180 milliún) – tháinig sé chun dúnadh dlíthiúil conartha i bhFeabhra 2007. Tá sé ar cheann de na tionscadail is mó athfhorbartha i mBaile Átha Cliath agus tá 281 teach shóisialta ann, 250 teach inacmhainne agus 292 teach phríobháideacha. Nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh, bhí Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i mbun cainteanna leis an bhfeadhnacht ar éirigh leis maidir le stádas an tionscadail agus an saol mar atá i láthair na huaire.
- Duga Spencer (€70 milliún) – is éard atá i gceist leis an dtionscadal ná tógáil 187 aonad de thithe sóisialta inacmhainne, d'áiseanna pobail agus de sheirbhísí le haghaidh daoine scothaosta a thógáil ar Dhuga Spencer agus i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath. Tháinig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar chomhaontú leis na háiseanna seo a sholáthar ó Chuideachta Forbartha Dhuga Spencer i 2007. D'eisigh NDFA a Litir Bharúla ar Luach Airgid ar an dtionscadal seo i Nollaig 2007.

I láthair na huaire tá an NDFA ag cur comhairle ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, ar Chomhairle Contae Chill Dara, ar Chomhairle



Baile Shligigh agus ar Chompháiríocht na dTithe Inacmhainne maidir le gnéithe airgeadais roinnt tionscadal tithíochta.

Baineann na tionscadail tithíochta leis na riachtanais sóisialta agus fisiciúla do na háiteanna atá i gceist agus cuireann said lóistín i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne nua maraon le háiseanna d'ardchaighdeán do na cónaitheoirí. Tá sé le tabhairt faoi deara gur éirigh go geal le scéim phíolóta The Fatima Mansions faoi choimrice Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Cuirfidh an Tionscadal Tithíochta Croke Villas ar fiú €60 milliún é 38 aonad shóisialta agus 103 aonad phríobháideacha, aonaid tráchtala agus áiseanna pobail ar fáil. Tá measúnacht déanta ar na tairiscintí agus tá an rogha tairisceora le ceapadh ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gan mhoill.

An tAthchóiriú Cirt, Comhionannais agus Dlí

Ath-Sholáthar ar Phríosún Mhuinseo / Príosún Halla Thornton

Déanfar príosún nua a fhorbairt ar shuíomh i Halla Thornton, Contae Átha Cliath gur bunaidhm leis ná athsholáthar a chur ar fáil de roinnt phríosúin éagsúla atá as dáta agus lonnaithe ag Coimpléacs Príosúin i Muinseo, Baile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm ag an dtionscadal ná áis nua-aimseartha agus éifeachtúil ó thaobh costais a sholáthar a chuirfidh ar fáil réimse seirbhísí agus dálaí maireachtála do chiontóirí agus é sin a dhéanamh i slí atá i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Cuirfidh an áis seo áit ar fáil ón dtús do 1,400 ciontóirí idir fásta agus óg agus idir fhireann agus baineann. Beidh an teicneolaíocht de leibhéal an-ard in úsáid i dtéarmaí slándála agus smachta foirgnimh.

Is tionscadal é seo de chuid an PPP a chuimsíonn dearadh, tógáil, maoiniú agus cothabháil. Tar éis próiseas tairisceana ina raibh géar-chomórtas ann, roghnaíodh feadhacht, ina bhfuil Michael McNamara & Co. & Barclays Private Equity agus Global Solutions Limited páirteach, mar rogha tairisceora in Aibreán 2007. Tá idirbheartaíocht ar siúl faoi láthair leis an bhfeadhacht Léargas. Táthar ag meas go mbainfear dúnadh an chonartha amach roimh dheireadh 2008. Cheadaigh an Dáil agus an Seanad an tAcht chun cead pleanála a chur i bhfeidhm.

Ba é an tionscadal seo an chéad tionscadal inar úsáideadh an Comhaontú Teimpléid Tionscadail de chuid an NDFA mar bhunús ullmhúcháin don aontú tionscadail. Go dáta tá an NDFA tar éis bheith páirteach i mbreithniú ar an bpáipearachas a ghabhann leis an gCuireadh chun Idirbheartaíochta, ag óstáil na ceardlainne riosca (chun teacht ar an Risk Allocation Matrix) agus an Tagarmharc don Earnail Phoiblí a ullmhú don tionscnamh. Thug an NDFA faoi mheasúnacht deiridh a dhéanamh ar na taiscintí a fuarthas. I láthair na huaire, tá an NDFA i mbun comhairle ar ghnéithe airgeadais agus riosca an phróisis idirbheartaíochta.

Oideachas

Tionscadal Tairsigh UCD

I Nollaig 2006, sheol UCD comórtas ailtíreachta chun íomhá idirnáisiúnta so-aitheanta a fhorbairt le haghaidh campas Belfield. Fógraíodh na hailtirí ar éirigh leo in Iúil 2007, ba é sin Ingenhoven ón nGearmáin. I gcomhar leis an gcomórtas ailtíreachta tá próiseas tosaithe ag UCD chun páirtí gnó a fháil a dhéanfaidh forbairt ar an ndearadh a bhuafaidh agus a dhéanfaidhforbairt úsáidte mheasctha a ionchorprú. Chríochnaigh siad an próiseas larratais ar Cháilíocht agus rinneadh gearrliostáil ar chúig fheadhnacht agus ionadaí amháin.

Tá an NDFA mar phríomh-chomhairleoir airgeadais ag UCD agus tá sé ag tacú leis an mBord Tionscadail chun Tagarmharc Earnála Poiblí a ullmhú, a meastar a cheadófar gan mhoill. Tá obair ag dul ar aghaidh ar ullmhú na cáipéise tairisceana.



Cumarsáid, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha

Gréasáin Limistéir na Cathrach 2

Éascóidh an tionscadal seo chun leathanbhana a thabhairt chuig roinnt bailte ar fud na tíre, nach bhfuil áiseanna den chineál seo acu. Fuarthas na tairiscintí i bhFeabhra 2008, agus tugadh an mheasúnacht orthu chun críche, agus ba é NDFA a rinne an mheasúnacht airgeadais. Ceapadh ag rogha tairisceora i Meitheamh 2008.

Oifig na nOibreacha Poiblí

Dílárú 1 (Ceatharlach, an Muileann gCearr agus Port Laoise)

Tá an NDFA mar chomhairleoirí airgeadais ar thionscadal Dílártha 1 an PPP. Ba é Macquaire Partnerships for Ireland a ceapadh mar Rogha Tairisceora le haghaidh an tionscadail seo ar fiú €140 milliún é in Eanáir 2008. Cuireadh iarratas isteach le haghaidh cead pleanála ar na trí láithreán ar fad in Aibreán 2008. Meastar go mbeidh dúnadh airgeadais ann le linn an dara leath de 2008 i ndiaidh cead pleanála a fháil.



BORD NDFA

Is é Cathaoirleach ex officio an Bhoird ná Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bhainistíocht na Roinne Airgeadais. Ceapann an tAire Airgeadais gnáthbhaill le haghaidh téarma cúig bliana. Ceapann an Bord duine dá bhaill, seachas an Cathaoirleach, mar Phríomhfheidhmeannach an NDFA. I bhFeabhra 2007, d'éirigh Anne Counihan as Bord an NDFA agus mar Phríomhfheidhmeannach. Ar an 10 Feabhra 2007, cheap an tAire Adrian Kearns, Stiúrthóir na Gníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht na Roinne Airgeadais, ar an mBord in áit Ms Counihan. Ar an 1 Márta 2007, cheap an Bord Adrian Kearns mar Phríomhfheidhmeannach.

Go dtí go n-achtófar an reachtaíocht leasaithe NDFA in 2007, cheap an tAire Airgeadais beirt bhall nua ar an mBord ar bhonn neamh-reachtúil i Samhain 2006. Ba iad na baill nua ar an mBord ná: Fred Barry, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Bóithre Náisiúnta; Stewart Harrington, Stiúrthóir ar Killeen Properties Teo; agus Liam Berney, Oifigeach Tionsclaíoch le Comhdháil na gCeardchumann. Aithníonn an méadú atá tagtha ar an mBord an ról agus an fhreagracht atá ag an NDFA i bhforbairt an infreastruchtúir in Éirinn.

Ní mór do Chathaoirleach agus do Phríomhoifigeach Feidhmeannach an NDFA fianaise a thabhairt do Choiste na gCuntas Poiblí i nDáil Éireann. Cuimsíonn an fhianaise seo rialachán agus dleachtaíocht a bhaineann le gach beart an NDFA, éifeachtacht an NDFA ó thaobh costais, éifeacht an NDFA, córais, nósanna imeachta agus cleachtais an NDFA. Cuireadh fianaise faoi bhraid an Choiste ar an 19 Meitheamh 2008.

Ba mhaith le Príomhfheidhmeannach agus leis an mBord buíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile a raibh baint acu le hobair an NDFA as a gcuid iarrachtaí.



AGUISÍN 1

Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta—Ról agus Feidhmeanna

Bunaíodh an NDFA in Eanáir 2003 chun comhairle airgeadais a thabhairt do na hÚdaráis Stáit a bhí ag dul i mbun tionscadail mhóra infreastruchtúir, trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPP) nó soláthar traidisiúnta.

Agus an obair seo ar bun, tá dualgas ar an NDFA na treoirleá agus teoracha Aireachta ar fad a chomhlíonadh. Tá dualgas ar an NDFA breathnú ar threoir agus threoirleá polasaí a thugann an Aireacht do na hÚdaráis Stáit roimh aon chomhairle a thabhairt.

Ligeann an ról atá ag an NDFA maidir le mórchláir chaipitiúla a sholáthar don Rialtas úsáid a bhaint as caighdeán thráchtála agus an baol airgeadais, na costais agus na roghanna bainteach le tionscadail á meas, ag cinntiú go roghnaítear an pacáiste airgeadais is fearr gach uile uair.

Sular bunaíodh an NDFA ní raibh aon saineolas bunaithe airgeadais ar fáil don Rialtas. Ina ionad sin, bhí grúpaí de shainchomhairleoirí agus saineolaithe eile á dtabhairt le chéile chun comhairle a thabhairt maidir le tionscadail ar leith. Nuair a cuireadh críoch leis na tionscadail, níor leanadh leis an bhfoireann tionscadail agus cailleadh mórchuid an eolais, an saineolas laistigh den tseirbhís phoiblí san áireamh.

Ta dualgas ar na hÚdaráis Stáit comhairle an NDFA a fháil maidir le gach saincheist airgeadais a eascraíonn ó aon tionscadal nó aon ghrúpa tionscadail ar luach caipitiúil de níos mó ná €30 milliúin.

Tá an t-údarás dlíthiúil ag an NDFA iasacht agus cur ar aghaidh de suas le €5 billiún a chur ar fáil i leith tionscadal ceadaithe ag na hÚdaráis Stáit, chun comhlachtaí a bhunadh d'fhonn maoiniú a chur ar fáil do thionscadail infheistíochta phoiblí chomh maith le hairgead a chur ar aghaidh chuig na comhlachtaí céanna. Go dtí seo ní raibh dualgas air maoiniú a chur ar fáil go díreach.

In Iúil 2005, bhunaigh an Rialtas “Lárionad Saineolais” laistigh den NDFA chun dul i mbun

oibre maidir le soláthar agus seachadadh tionscadal ar dtús thar ceann na Ranna: Sláinte agus Leanaí, Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí agus Oideachais & Eolaíochta.

Tá an tionscadal seo dírithe ar thacaíocht a chur ar fáil do sheachadadh na PPP do thionscadail infreastruchtúir chaipitiúla, trí na scileanna agus an cumas atá de dhíth chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar PPP a dhaingniú. Tá an NDFA freagrach as soláthar tionscadal nua PPP i limistéar an Phríomh Rialtais a íocfar go díreach ón Stáitchiste, agus as iad a thabhairt don Aire cuí nuair a chaithfear an tsócmhainn tionscadail a sheachadadh.

I dtosach báire bhí na tionscadail a cuireadh chuig Ionad Saineolais an NDFA bainteach leis an Earnáil oideachais agus Eolaíochta. Tá an GAFN ag gabháil do sholáthar 23 iar-bhunscoil nua agus 4 bhunscoil nua, trí CPP, de réir na bpleananna eolaíochta atá ag an Roinn Oideachais.

Achtaíodh an reachtaíocht rialaithe chun an NDFA a mhéadú ar an 10ú Aibreán 2007 mar an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007, ag cinntiú ról an NDFA mar Lárionad Saineolais an Stáit maidir le PPP.

Ag an am chéanna, méadaíodh an tsainchúram a bhí ag an Lárionad Saineolais chun réimse níos leithne d'Údaráis Stáit a chur san áireamh: mar shampla, thosaigh an Lárionad Saineolais obair réamh-sholáthair go luath i 2007 thar ceann na Ranna Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta don Cheoláras Náisiúnta agus d'Amharclann na Mainistreach. Thosaigh an NDFA ar na mallaibh (Bealtaine 2008) ar sholáthar an Cheolárais.

Mhéadaigh an tAcht líon na gcomhaltaí ar Bhrod an NDFA ó Chathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhalta go Cathaoirleach agus seachtar gnáthchomhalta.

Tionscadail an Lárionad Saineolais

Tá an freagracht fós ar na hÚdaráis Stáit cuí maidir le measúnú agus ceadú gach tionscadal, an cinneadh maidir leis an modh sholáthair agus leagan amach na gcomhairlí leis na geallsealbhóirí san áireamh. Tugann an NDFA faoi thionscadal a sholáthar chomh luath agus a bhíonn na saincheisteanna maidir le polasaí réitithe, na sonraíochta táirgeachta leagtha amach agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí agus buiséad an tionscadail sínithe ag an Údarás Stáit. Feidhmíonn an NDFA mar chomhairleoir do na hÚdaráis Stáit i gcónaí maidir le baol agus airgeadas le linn na gcéimeanna measúnú agus pleanála.

Chun a ról nua mar údarás um sholáthar a chomhlíonadh, comhordóidh an NDFA bainistíochta na dtionscadal de chuid an Lárionaid Saineolais trína grúpa bainistíochta um thionscadal. Tá an NDFA fós ag cur lena n-acmhainní agus saineolas maidir le bainistíocht tionscadal teicniúil, ar aon dul le méadú ar líon na dtionscadal a thugtar don ghníomhaireacht d'fhonn sholáthair. Ina theannta sin, fostaíonn an NDFA saineolaithe ó thionscadal go tionscadal nuair is gá, d'fhonn tuilleadh seirbhísí dlíthiúla, teicniúla, pleanála agus luachála a aimsiú chun cabhrú le seachadadh éifeachtach na dtionscadal seo.

Comhordóidh an ghrúpa um bhainistíocht tionscadal na hionchuir theicniúla, airgeadais agus dlíthiúla a ghabhann le soláthar, le monatóireacht tógála agus céimeanna aiscurtha an tionscadail PPP. Cothóidh sé an idirghabháil leantach leis an Údarás Stáit chomh maith, de réir pholasaí an NDFA maidir le dlúthchomhar agus malartú faisnéise leis an Roinn, Oifig nó Gníomhaíocht urraíochta.

Cuireann an NDFA seirbhísí ar fáil fosta, lena n-áirítear:

- comhairle ar cheisteanna airgeadais, riosca agus árachais
- cáipéisí conartha a ullmhú
- ag dul chun tairisceana ar an dtionscadal
- réamhcháiliú na bhfeadhnachtaí tairisceana
- measúnacht ar thairiscintí
- roghnú rogha na dtairisceoirí
- idirbheartaíocht ar chonarthaí
- síniú conarthaí thar ceann na Roinne Rialtais
- monatóireacht ar thógáil an tionscadail
- riarachán a dhéanamh ar an gconradh chuig an "gcéim lándéanta" agus tabhairt ar ais thar thréimhse céimithe trasdulte chuig an nGníomhaireacht Urraíochta

Tá dualgas ar an GAFN aird a thabhairt mar is cuí do chomhairle agus treoir an Aire Airgeadais maidir le

maoiniú agus soláthar tionscnaimh infheistíochta poiblí, ach go háirithe *Treoirlínte maidir le Luacháil agus*

Bainistiú Tograí um Chaiteachais Caipitiúil san Earnáil Phoiblí (2005), an *Fhrámaíocht Náisiúnta Pholasaí*

um Sholáthar (2005), na *Treoirlínte um Sholáthair Boneagair agus Infheistíocht Caipitil trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí* (2006) agus an *Fhrámaíocht maidir le Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí* (2001).

AGUISÍN 2

Comhaontú Teimpléid Thionscadail

Teimpléad ar Chomhaontú Tionscadal agus Caighdeánú Doiciméad

I rith 2006, d'fhoilsigh an NDFA a Theimpléad PPP ar Chomhaontú Tionscadal maidir le thionscadail chóiríochta lena bhain íocaíochtaí aonadacha ón Státchiste. I nDeireadh Fómhair 2007, leasaigh an NDFA an Comhaontú Tionscadail Theimpléid le hathruithe cuntasáíochta sa mhargadh Árachais a ghlacadh san áireamh. I láthair na huaire tá an NDFA ag tabhairt faoi athbhreithniúchán iomlán ar an gComhaontú Tionscadail Theimpléid le hathruithe a léiriú a bhí i bhfoilseachán Státchiste an RA "Standardisation of PFI Contracts" (SoPC 4) atá bunaithe ar thaithí UK PFI le déanaí agus chun an taithí a fuarthas ó thionscadail PPP a bhí ann le déanaí in Éirinn a ionchorpú. Beidh an leagan leasaithe ar fáil i Ráithe 3 2008.

Bhí Mairís um Leithdháileadh Riosca san áireamh sa Teimpléad ar Chomhaontú Tionscadal ina raibh mionsonrú maidir le cén baol atá ag bogadh isteach san earnáil phríobháideach amháin, cén baol a bhaineann leis an Stát i gcónaí, agus cén baol atá á roinnt. Déantar gach baol a dháileadh ag an bpáirtí is fearr chun déileáil leis, ag cinntiú an luach is fearr ar airgead don Stát ó gach aon tionscadal. Nuair atá beart atá tugtha chun críche á athmhaoiniú ar théarmaí feabhsaithe mar shampla, bhí an dáileadh choigiltis idir an earnáil phoiblí agus phríobháideach mar ábhar idirbheartaíochta fada go stairiúil agus ní bhfuair an Stáit an leithdháileadh optamach den choigiltis i gcónaí. Cinntíonn an Teimpléad ar Chomhaontú Tionscadal go bhfaighidh an Stát 50% ar a laghad d'aon saghas coigiltis dá leithéid.

Chuir an earnáil phoiblí agus phríobháideach fáilte roimh an doiciméid agus léiríonn sé leithdháileadh cothrom agus tráchtála den riosca idir na páirtithe, chomh maith le luach ar airgead don Stát agus beart inrialaithe don earnáil phríobháideach. Tá buntáistí ag baint le caighdeánú a dhéanamh ar a leithéid de dhoiciméid chasta:

- socrú tráchtála atá i gceist lena bhfuil an Stát sásta a bheith bainteach agus lena bhfuil an earnáil phríobháideach sásta glacadh;
- laghdaíonn sé an dhíth idirbheartaíochta maidir le hábhair atá sochar a dóthain agus laghdaítear am tairisceana agus costais dá bharr;
- laghdaíonn sé an t-am agus an costas a bhaineann le dícheallacht cuí na mbanc de réir mar a théann siad i gcleachtadh ar an ndoiciméad.

Déantar athbhreithniúchán ar an gComhaontú Teimpléid Thionscadail ar bhonn rialta chun athruithe sa margadh agus ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail PPP roimhe seo a léiriú. Tá an NDFA ag leanstan d'eochaircháipéisíú eile de chuid an PPP a chaighdeánú. Mar gheall ar an athbhreithniúchán seo is amhlaidh go n-éireoidh an próiseas tairisceana níos éifeachtaí dá bharr.

AGUISÍN 3

Liosa na nÚdarás Stáit

Séard atá sa liosta seo a leanas ná liosta de na hÚdaráis Stáit a bhfuil dualgas orthu dul i gcomhairle leis an NDFA faoi láthair faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007, maidir le haon tionscadail mhóra bainteach le hinfheistíocht phoiblí. Cuireadh leis ó ritheadh an tAcht agus is féidir leis an Aire Airgeadais cur leis arís.

Na hÚdaráis Stáit mar a liostaítear iad i sceideal an Achta NDFA (Leasú) 2007:

1. Aire Rialtais
2. Údarás Áitiúil
3. Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn
4. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
5. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
6. Ollscoil sa chiall atá in Acht na nOllscoileanna 1997, seachas Coláiste na Trínóide agus Coláiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath
7. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
8. Coláiste sa chiall atá i gcuid 2 de hAcht na gCeárd-Choláistí Réigiúnacha 1992
9. Coiste garimoideachais sa chiall atá i gcuid 7 den Acht Garimopideachais 1930
10. An tSeirbhís Chúirteanna
11. Údarás Cuain sa chiall atá in Acht na gCunta 1946 go 1976
12. Bus Átha Cliath
13. Bus Éireann
14. Córas Iompair Éireann
15. An Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnróid
16. An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach
17. Údarás ar bith poiblí a forordaíodh le sainordú

RÁITIS AIRGEADAIS

Tugann an GAFN comhairle do na hÚdaráis Stáit maidir le seachadadh, soláthar agus maoinú tionscadail airgeadais. Fanann na tionscadail úd ar chlár chomhardaithe na Ranna ar leith agus ní fheictear ar chuntais an NDFA iad. Tá na leithdháiltí a fuair na Ranna ar leith do thionscadail PPF ar fáil thuas áit a bhfuil na leithdháiltí ilbhliantúla.

De réir chuid 20 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002 tá dualgas maidir leis na cuntais go léir is cuí agus is gnáth a choinneáil, de réir mar a chinneann an tAire Airgeadais. Is gá go mbeadh cuntas ar leith de na costais riaracháin agus caiteachais a thabhaíonn foireann an NDFA le linn na hoibre san áireamh. Mar a mhínítear thuas áfach, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta amháin a fhostaíonn an fhoireann atá bainteach le hábhair an NDFA.

Is é seo a leanas liosta de na costais riaracháin a thabhaigh an NDFA i 2007 agus 2006.

	2007	2006
	€	€
Táillí agus Caiteachas an Bhoird	84,000	71,859
Táillí iniúchta	<u>6,000</u>	<u>5,500</u>
	<u>90,000</u>	<u>77,359</u>

Chomh maith leis na costais thuas, tháinig na costais a thaobhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun feidhmeanna an NDFA a chomhlíonadh chuig € 4,354,451 (2006: € 3,078,733) Tá na costais seo san áireamh sna costais riaracháin atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht na Roinne Airgeadais agus íoctar iad as an bPríomhChiste. Ní lorgaíonn an NTMA cúiteamh as na costais seo ó na hÚdaráis Stáit.



RÁITIS AIRGEADAIS NA GNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA D'FHORBAIRT AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007

Baill An Bhoird agus Eolas Eile	26
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	27
Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh	28
Tuascáil an Ard-Reachtair agus an Iniúcháir Ghinearálta le Cur roimh Thithe an Oireachtais	30
Polasaithe Cuntasaíochta	32
Cuntas Ioncaim & Caiteachais	33
Cuntas Riaracháin	34
Clár Comhardaithe	35
Nótaí do na Cuntais	36

BAILL AN BHOIRD AGUS EOLAS EILE

Stiúrthóirí

Michael J. Somers – Cathaoirleach

Adrian J. Kearns* – Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Fred Barry

Liam Berney

Ann Fitzgerald

Stewart Harrington

Tony Jones

Peter McManamon

Iniúcháirí

Ard-Reachtaire & Ard-Iniúcháir

Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

* D'fheidhmigh Anne Counihan mar Phríomhoifigeach
Feidhmiúcháin go dtí tráth scoir ón mBord an
9 Feabhra 2007.
Ceapadh Adrian Kearns mar Phríomhoifigeach
Feidhmiúcháin an 1 Márta 2007.

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Faoin Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, tá ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, tá ar an nGníomhaireacht:

- polasaithe cuntasáíochta feiliúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as gach gnáthchuntas cuí a choimeád, i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais, ar an airgead go léir a fhaigheann nó a chaitheann sí agus as taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann staid airgeadais na Gníomhaireachta le cruinneas réasúnta ag am ar bith.

Tá an Gníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní faoina stiúir a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois nó aon mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Gníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais
24 Meitheamh 2008



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Gníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

RÁITEAS AR AN GCÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH

Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Ar son na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ("an NDFA"), admhaímid freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach a choinneáil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint in am tráth.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, comhlíonann an NDFA a cuid dualgas tríd Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an NTMA").

Tá nithe curtha i bhfeidhm ag an NTMA chun timpeallacht cuí rialaithe a chinntiú maidir leis an NDFA trí:

- riachtanais bhainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- próiséis fhoirmiúil a bhunú chun tuairisc a thabhairt ar theipeanna rialaithe a dheimhneoidh go dtógfar na céimeanna cuí in am chun an scéal a réiteach.

Tá próisis curtha ar bun ag an NTMA chun rioscaí áirithe a aithint agus a mheas trí:

- nádúr agus impleachtaí airgeadais rioscaí atá ag bagairt ar an NDFA a aithint, agus fairsinge agus catagóirí a cheapann sí a bheith so-ghlactha san áireamh;
- an fhéidearthacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas na NTMA a mheas maidir leis na rioscaí a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais de rialuithe áirithe a fheidhmiú a mheas i gcoimhneas leis an leas faighte.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de fhaisnéis bainistíochta rialta, phróisis riaracháin le leithscaradh dualgas san áireamh, agus chóras tarmhigin agus freagrachta. Áiríonn sé ach go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséid le haghaidh costas riaracháin an NDFA a thiteann ar an NTMA seachas costais eile Bhord an NDFA;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais a dhéanann comparáid idir feidhmíocht airgeadais agus réamhaisnéisí;
- spriocanna a bhunú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- disciplíní bainistíochta foirmiúla.

Príomhghnáthaimh Rialaithe (ar lean.)

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an NTMA, a fheidhmíonn i gcomhréir leis an gCód Creatlaí den Chleachtas is Fearr leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh curtha ar an eolas trí anailís a dhéanamh ar na rioscaí oibríochta ós comhair an NDFA, agus tá pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Ar a laghad uair amháin sa bhliain, soláthróidh an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil do Bhord an NTMA agus NDFA maidir le gníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaigh. Áireoidh an tuairisc, tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh maidir le cumas agus éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais.

Is é obair an iniúcháir inmheánaigh (PricewaterhouseCoopers faoi láthair) a chuireann an NTMA ar an eolas faoi mhonatóireacht agus athbhreithniúchán éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais, chomh maith leis na bainisteoirí feidhmiúcháin san NTMA a bhfuil an dualgas orthu le haghaidh forbairt agus caomhnú na creatlaí rialaithe airgeadais, agus ráitis a rinne an tArd-Reachtair agus an tIniúcháir Ginearálta ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile. Chomh maith leis sin suíonn ball de Bhord an NDFA ar Choiste Iniúchta an NTMA ag déanamh ionadaíochta ar shainleasa Bhord an NDFA agus coinníonn sé Bord an NDFA ar an eolas faoi ábhar a bhaineann leis an NDFA.

Athbhreithniú Bhliantúil ar Rialuithe

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007, rinne an tIniúcháir athbhreithniúchán ar éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais agus thuairiscigh sé é seo chuig Bord an NDFA.



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais
24 Meitheamh 2008



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE AGUS AN INIÚCHÓRA GHINEARÁLTA LE CUR ROIMH THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Fhorbairt Airgeadais Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Gníomhaireacht um Fhorbairt Airgeadais Náisiúnta 2002.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Riarachán, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Gníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Gníomhaireacht d'Fhorbairt Airgeadais Náisiúnta 2002 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta an nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá dualgais chuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Dhualgais na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo bharúil cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Gníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
30 Meitheamh 2008

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Cúlra

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (an "GAFN") faoi ordú an Aire Airgeadais ar 1 Eanáir 2003 faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002.

In Iúil 2005, bheartaigh an Rialtas ar na scileanna seachadta soláthair uile a lárú san NDFA a bhíonn ag teastáil chun tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí ("PPP") a chur ar bun in áiteanna ainmnithe, ag tosú le clár de thionscadail PPP sna limistéir de Cheartas, Sláinte agus Oideachas. Tugadh don NDFA sainordú chun na tionscadail a chur ar fáil ar son na n-údarás Stáit ainmnithe (le hionchur ón Roinn Rialtais á choimirciú chomh fada agus is gá) agus chun iad a thabhairt don Roinn Rialtais ábhartha nuair a bheidh tógáil curtha i gcrích. Tabharfaidh an NDFA faoin soláthar nuair atá gach saincheist polasaí réitithe, sonraíochtaí aschuir socraithe agus Tagarmharc na hEarnála Poiblí don tionscadal sínithe ag an Roinn Rialtais á choimirciú. Ritheadh an tAcht (Leasú) um Ghníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais 2007 a shainigh na feidhmeanna seo chuig an NDFA ar an 10 Aibreán 2007.

Tá na polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha maidir leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta mar seo a leanas: -

Bunús an ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe i faoi réir an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, i bhformáid atá formheasta ag an Aire Airgeadais.

Déanann na ráitis airgeadais achoimriú ar na hidirbhearta agus staid airgeadais na Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

Tréimhse Tuairiscithe

Ba í an tréimhse tuairiscithe ná an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007.

Airgeadra Tuairiscithe

Ba é an t-airgeadra tuairiscithe ná an euro, atá léirithe ag an gcomhartha €.

Ioncam a Aithint

Déantar ioncam a thuairisciú ar bhonn fabhráithe.

Costais

Déantar costais a thuairisciú sa bhliain ina bhíonn siad dlite.

Déantar costais a taobhaíodh i leith riarachán na Gníomhaireachta a ghearradh ar an gcuntas Riaracháin.

Gearrtar costais a eascraíonn maidir le feidhmeanna airgeadais agus comhairliúcháin na Gníomhaireachta ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais.


CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Ioncam	1	1,967,862	77,359
Táillí tionscadail agus caiteachas	2	(1,877,862)	–
Aistriú chuig Cuntas Riaracháin	3	(90,000)	(77,359)
Ioncam glan don tréimhse		<u>Neamhnaí</u>	<u>Neamhnaí</u>



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais
24 Meitheamh 2008



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasafóchta agus nótaí 1 go 11 mar chuid de na cuntais seo.

CUNTAS RIARACHÁIN

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Aistrithe ón gcuntas loncaim & Caiteachais	3	90,000	77,359
Costais riaracháin na Gníomhaireachta	4	(90,000)	(77,359)
Ioncam glan\caiteachas)		<u>Neamhnaí</u>	<u>Neamhnaí</u>



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais
24 Meitheamh 2008



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go 11 mar chuid de na cuntais seo.

CLÁR COMHARDAITHE

31 Nollaig 2007

	Nótaí	2007 €	2006 €
Sócmhainní			
Féichniúnaithe	5	674,139	26,026
Dliteanais			
Creidiúnaithe	6	674,139	26,026
Sócmhainní iomlána lúide Dliteanais		<u>Neamhnaí</u>	<u>Neamhnaí</u>
Ag léiriú			
Cúlchistí Carntha	8	<u>Neamhnaí</u>	<u>Neamhnaí</u>



Michael J. Somers
Cathaoirleach
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais
24 Meitheamh 2008



Adrian J. Kearns
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An Ghníomhaireacht Náisiúnta
d'Fhorbairt Airgeadais

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasáochta agus nótaí 1 go 11 mar chuid de na cuntais seo.

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go 11 mar chuid de na cuntais seo.

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS

1. Ioncam

	2007 €	2006 €
Aisíocaíocht ó na hÚdaráis Stáit ar chostais chomhairliúcháin	1,877,862	—
An Ciste Láir (nóta 7(a))	90,000	77,359
	<u>1,967,862</u>	<u>77,359</u>

2. Táillí tionscadail agus caiteachas

De réir an Achta (Leasú) um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2007, gearrtar táillí a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus a cuid feidhmíochta maoinithe agus comhairliúcháin á cur i bhfeidhm maidir le tionscadail ar leith a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí, is iondúil go ngearrtar ar chaiteachas iad.

	2007 €	2006 €
Táillí Comhairliúcháin	1,340,107	—
Táillí Dlithiúla	537,755	—
	<u>1,877,862</u>	<u>—</u>

3. Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

Seasann an méid seo de €90,000 den méid atá ar fáil le costais ar leith riaracháin na Gníomhaireachta a chlúdach.

4. Costais Riaracháin

Tá costais Riaracháin na Gníomhaireachta sonraithe thíos ar bhonn fabhráithe:

	2007 €	2006 €
Táillí & caiteachas an Bhoird	84,000	71,859
Táillí iniúchta	6,000	5,500
	<u>90,000</u>	<u>77,359</u>

Chomh maith leis na costais thuas, tháinig na costais a thaobhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun feidhmeanna an NDFA a chomhlíonadh chuig € 4,354,451 (2006 € 3,078,733). Tá na costais seo san áireamh sna costais riaracháin atá ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus íoctar iad as an bPríomhChiste. Ní lorgaíonn an NTMA cúiteamh as na costais seo ó na hÚdaráis Stáit.

4. Costais Riaracháin (Ar lean.)

Ba é costas iomlán fheidhmiú na Gníomhaireachta don bhliain ná €6,322,313 (2006: €3,156,092), maoinithe mar a leanas:

	2007 €	2006 €
Táillí tionscadail agus costais, athghearrtha ar na hÚdaráis Stáit	1,877,862	—
Táillí riaracháin agus costais a ghearr Gníomhaireacht ar an bPríomhchiste	90,000	77,359
Táillí riaracháin agus costais a thabhaigh an NTMA gur ghearr ar an bPríomhchiste	4,354,451	3,078,733
	<u>6,322,313</u>	<u>3,156,092</u>

5. Féichiúnaithe

	2007 €	2006 €
Infhaighte ó Údaráis Stáit	580,155	—
Infhaighte ón NTMA	82,484	—
An Príomhchiste	<u>11,500</u>	<u>26,026</u>
	<u>674,139</u>	<u>26,026</u>

6. Creidiúnaithe

	2007 €	2006 €
Méideanna atá le híoc chuig an bPríomhchiste (nóta 7 (b))	483,631	—
Táillí comhairliúcháin agus dlíthiúla atá le híoc	117,930	—
Seirbhísí Proifisiúnta ag siarchoinneáil cánach atá le híoc	66,578	—
Costais Fabhraithe	<u>6,000</u>	<u>26,026</u>
	<u>674,139</u>	<u>26,026</u>

NÓTAÍ DO NA CUNTASÓIRÍ (AR LEAN.)

7. Príomhciste

(a) Glactar costais riaracháin an NDFA ón bPríomhciste. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe. Réitítear loncam an Phríomhciste chuig airgead a ghlactar le haghaidh costas mar a leanas:

	2007 €
Méideanna a ghlacar ón bPríomhciste	104,526
Laghdú i bhféichiúnaí an Phríomhciste	(14,526)
Caiteachais Riaracháin (Nóta 4)	<u>90,000</u>

(b) Réamhíoctar méideanna ón bPríomhciste chun maoiniú a dhéanamh ar tháillí seachtracha comhairliúcháin agus chostais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht i bhfeidmiú a cuid feidhmeanna maoinithe agus comhairliúcháin maidir le tionscadail faoi leith infheistíochta poiblí. Faightear na táillí agus na costais seo ar ais ó na hÚdaráis Stáit agus réamhíoctar na méideanna chuig an Státchiste. Is ar an ndóigh seo a leanas a mhínítear aistriú méideanna a réamhíoctar chuig an NDFA le linn na tréimhse:

	2007 €
Méideanna a réamhíoctar le linn na tréimhse	1,487,335
Méideanna a réamhíoctar le linn na tréimhse	(1,003,704)
Méideanna atá le híoc chuig an bPríomhciste ag deireadh na tréimhse (Nóta 6)	<u>483,631</u>

8. Cúlchistí Carntha

	2007 €	2006 €
Loncam glan don tréimhse	—	—
larmhéid deiridh	<u>Neamhnaí</u>	<u>Neamhnaí</u>

9. Dliteanais teagmhasacha

Níl aon dliteanais teagmhasacha ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar 31 Nollaig 2007.

10. Páirtithe gaolmhara

An tAire Airgeadais

Cheap an tAire Airgeadais, de réir mhír 12 den Acht nó nó ar bhonn sealadach nó neamh-reachtúil roimh leasú an Achte i 2007, cheap sé baill Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais mar a thugtar ar leathanach 3. I ndiaidh gur leasaíodh an tAcht, ceapadh gach stiúrthóir a bhí ag feidhmiú ar bhonn sealadach neamh-reachtúil mar ghnáthbhaill an Bhoird ar an 2 Bealtaine 2007.

Faoi alt 7 den Acht d'fhéadfadh an tAire a ráthú go n-aisíocfar aon iasacht a fhaigheann an Gníomhaireacht nó aon chomhlacht sainfheidhmeach a chruthaíonn an Gníomhaireacht agus í ag tabhairt faoina chuid ghníomhaíochtaí. Níor tugadh gealltanais ar bith den chineál sin le linn na tréimhse.

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

I gcomhréir le hAlt 11 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, 2002, comhlíonann an NDFA a cuid dualgas tríd Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an NTMA").

11. Ráitis Airgeadais a Fhaomadh

Rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhormheas ar 21 Feabhra 2008.

NÓTAÍ



**National Development
Finance Agency**

Treasury Building
Grand Canal Street
Dublin 2
Ireland

tel +353 1 664 0800
fax +353 1 676 6582
info@ndfa.ie
www.ndfa.ie